# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 260

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

**Imleabhar 65**

**6 Deireadh Fómhair 2022**


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1901 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide san Éimin** ........ 1


CINNTÍ


★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1902 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/932/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide san Éimin** ........ 6


GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1901 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Deireadh Fómhair 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide san Éimin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ón gComhairle an 18 Nollaig 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide san Éimin ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 18 Nollaig 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014.

(2) An 26 Meán Fómhair 2022, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 2140 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe beirt le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 365, 19.12.2014, lch 60.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach faoin bhfo-cheannteideal "A. Daoine" in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1352/2014 ("Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 1a agus 2"):

"10. Mansur Al-Sa'adi

Script bhunaidh: منصور السعادي

**Ainmniúchán:** Maor-Ghinearál, Ceannasaí Houthi ar Fhórsaí Cabhlaigh agus Cosanta Cósta Éimin **Dáta breithe:** 1988 **Áit bhreithe:** Éimin **Ainm bréige láidir:** n/a **Ainmneacha bréige laga:** **a)** Mansoor Ahmed Al Saadi **b)** Mansur Ahmad al-Sa'adi **c)** Abu Sajjad **Náisiúntacht:** Éimin **Uimhir an phas:** n/b **Uimhir aitheantais náisiúnta:** n/b **Seoladh:** Éimin **Liostaithe ar**: 26 Meán Fómhair 2022 **Faisnéis eile:** Mar Cheann Foirne Fhórsaí Cabhlaigh Houthi, phleanáil sé ionsaithe marfacha i gcoinne loingseoireacht idirnáisiúnta sa Mhuir Rua, agus tá ról ceannasach aige in iarrachtaí cabhlaigh Houthi a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Éimin i mbaol go díreach. Cur síos fisiceach: Dath na súl: Donn; Gruaig: Donn. an nasc gréasáin le haghaidh fógraí speisialta de chuid INTERPOL-Comhairle Slándála NA: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individual

**Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:**

I gcomhréir le roinn 5(h) dá Threoirlínte, cuireann Coiste na Comhairle Slándála, arna bhunú de bhun rún 2140, ar fáil insint achomair ar na cúiseanna atá leis an liostú do dhaoine aonair, grúpaí, gnóthais agus eintitis a áirítear ar a liosta smachtbhannaí.

An dáta a cuireadh an insint achomair ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choiste: 26.9.2022

Liostaíodh Mansur Al-Sa'adi an 26 Meán Fómhair 2022 de bhun mhíreanna 11 agus 15 de Rún 2140 (2014), mar dhuine a chomhlíonann na critéir ainmniúcháin a leagtar amach i mír 17 de Rún 2140 (2014), lena n-áirítear mar a mhínítear i mír 19 de Rún 2216 (2015).

Ghlac Mansur Al-Sa'adi páirt i ngníomhaíochtaí agus thug sé tacaíocht do ghníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Éimin i mbaol, lena n-áirítear sáruithe ar an trádbhac spriocdhírithe arm.

*Faisnéis bhreise:*

Tá Al-Sa'adi á liostú mar gheall ar a rannpháirtíocht i bhfeachtais chabhlaigh de chuid na Houthis a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Yemen i mbaol, agus ar an gcaoi sin comhlíonann sé na critéir ainmniúcháin mar a leagtar amach iad i Mír 17 de Rún 2140 (2014). Mar Cheann Foirne Fhórsaí Cabhlaigh Houthi, phleanáil Al-Sa'adi ionsaithe marfacha ar shoithí loingseoireachta idirnáisiúnta sa Mhuir Rua. Tá mianaigh chabhlaigh scaipthe arís agus arís eile ag Fórsaí Cabhlaigh Houthi, mianaigh a chuireann soithí tráchtála, iascaireachta agus cabhrach daonnúla i mbaol, mar atá léirithe ag eagraíochtaí idirnáisiúnta um chearta an duine. Ina theannta sin, chuidigh Al-Sa'adi le hairm a smuigleáil chuig Houthis in Éimin de shárú ar an trádbhac spriocdhírithe arm mar a leagtar amach i mír 14 de Rún 2216 (2015).

*Ról gníomhach míleata a fhíorú:*

— Al-Sharea News (in Araibis) - '*The Masterminds of the Houthi Attacks*' [Na daoine a phleanáil ionsaithe Houthi] (https://alsharaeanews.com/2021/03/08/54527/) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 2022]*

(1) ('Bhí ról lárnach ag Mansour Al-Saadi agus Ahmed Al-Hamzi, beirt fhear i bhfórsa aeir agus i gcabhlach Houthi a bhfuil mistéir ag baint leo, sa chogadh in Éimin, ag cur lena tionchar go dtí gur cuireadh críocha na hAraibe Sádaí agus slándáil na Mara Rua i mbaol.')

(Is é 'Abu Sajjad' an leasainm atá ar Al-Saadi agus tugtar 'Emir of the Red Sea' air freisin, agus tá sé freagrach go príomha as fórsa cabhlaigh agus cosanta cósta a athstruchtúrú a bhfuil sé mar mhisean acu cur isteach ar longa catha comhghuaillíochta agus dúmhál a dhéanamh ar an bpobal idirnáisiúnta trí bhagairt a dhéanamh ar lánaí loingseoireachta.')

— Yemeni News Agency (SABA) (Araibis) - '*Qahim, Al-Mushki and Berry were briefed on the damages of the aggression in the districts of Al-Hodeidah*' [Cuireadh Al-Mushki agus Berry ar an eolas maidir leis an damáiste a rinneadh le linn an fhogha i gceantair Al-Hodeidah'] (https://www.saba.ye/ar/news3174373.htm) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 2022]*

('Cuireadh ar an eolas iad freisin, mar aon le an Maor-Ghinearál Mansour al-Saadi agus Maor-Ghinearál Muhammad al-Qadri, baill den fhoireann náisiúnta, faoi mhéid an scriosta a rinneadh ar thithe saoránach, scoileanna, ospidéil agus foirgnimh rialtais i gcathair al-Durayhimi. Ceantar Al-Jah i gceantar Bait Al-Faqih.')

— Asharq al-Awsat (i mBéarla) - '*Death of Senior Commanders Leaves Houthis in Disarray*' [Na Houthis trí chéile tar éis bhás ceannasaithe sinsearacha] (https://english.aawsat.com/home/article/1246521/death-senior-commanders-leaves-houthis-disarray) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 2022]*

(San alt, aithnítear al-Saadi mar 'cheannaire sinsearach', ach éilíodh go mícheart gur maraíodh é. Cuirtear in iúl go bhfuil al-Saadi freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar smuigleáil arm ar fud chósta Éimin.)

— 26 September News (in Araibis) - '*The Navy Celebrates the Revolution of September 21*' [Réabhlóid an 21 Meán Fómhair á ceiliúradh ag an gCabhlach] (https://www.26sep.net/index.php/newspaper/26topstory/24381-21-8) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 2022]*

('Bhí Ceann Foirne na bhFórsaí Cabhlaigh, Maor-Ghinearál Mansour Al Saadi, i láthair ag an ócáid.')

11. Motlaq Amer Al-Marrani

Script bhunaidh: **مطلق عامر المراني**

**Ainmniúchán:** (Iar) Leas-Cheann ar an Houthi National Security Bureaui (NSB) (gníomhaireacht faisnéise) **Dáta breithe**: 1 Eanáir 1984 **Áit bhreithe**: Al-Jawf, Yemen **Ainm bréige láidir: a)** Mutlaq Ali Aamer Al Marrani **b)** Abu Emad **Ainm bréige lag:** n/a **Náisiúntacht:** Éimin **Uimhir an phas:** n/b **Uimhir aitheantais náisiúnta:** n/b **Seoladh:** Éimin **Liostaithe ar**: 26 Meán Fómhair 2022 **Faisnéis eile:** Iar-Leas-Cheann ar an Houthi National Security Bureau (NSB), rinne sé maoirseacht ar choimeádaithe NSB a ndearnadh céasadh agus drochíde orthu agus iad á gcoinneáil, rinne sé pleanáil agus stiúradh ar oibrithe daonnúla a bhí á ngabháil agus á gcoinneáil go neamhdhleathach agus cabhair dhaonnúil á n-aistriú go neamhdhleathach de shárú ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Cur síos fisiceach: Dath na súl: Donn; Gruaig: Donn. an nasc gréasáin le haghaidh fógraí speisialta de chuid INTERPOL-Comhairle Slándála NA: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individual

**Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:**

I gcomhréir le roinn 5(h) dá Threoirlínte, cuireann Coiste na Comhairle Slándála, arna bhunú de bhun rún 2140, ar fáil insint achomair ar na cúiseanna atá leis an liostú do dhaoine aonair, grúpaí, gnóthais agus eintitis a áirítear ar a liosta smachtbhannaí.

An dáta a cuireadh an insint achomair ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choiste: 26 Meán Fómhair 2022.

Liostaíodh Motlaq Amer Al-Marrani an 26 Meán Fómhair 2022 de bhun mhíreanna 11 agus 15 de Rún 2140 (2014), mar dhuine a chomhlíonann na critéir ainmniúcháin a leagtar amach i mír 17 de Rún 2140 (2014), lena n-áirítear mar a mhínítear i mír 19 de Rún 2216 (2015), chomh maith le mír 18(c) de rún 2140.

Tá Motlaq Amer Al-Marrani ag gabháil do ghníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Éimin i mbaol, lena n-áirítear sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta is infheidhme agus mí-úsáidí ar chearta an duine agus a chuireann bac ar rochtain ar chúnamh daonnúil in Éimin.

*Faisnéis bhreise:*

Tá Al-Marrani liostaithe de bharr gníomhartha céastóireachta agus coinneála neamhdhleathacha a eagrú a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Éimin i mbaol, lena n-áirítear gníomhartha a sháraíonn an dlí daonnúil idirnáisiúnta is infheidhme agus a raibh bac ar rochtain ar chúnamh daonnúil in Éimin mar thoradh orthu, rud a chomhlíonann na critéir maidir le hainmniú a leagtar amach i Mír 17 de rún 2140 (2014), arna mionsaothrú a thuilleadh le mír 19 de rún 2216 (2015), chomh maith le mír 18(c) de rún 2140.

Ina cháil mar Leas-Cheann ar an Houthi National Security Bureau (NSB), threoraigh Al-Marrani gabháil, coinneáil agus drochíde a thabhairt d'oibrithe daonnúla agus do dhaoine eile atá ag obair i gcúnamh daonnúil agus fuarthas amach gur bhain sé mí-úsáid as a údarás agus an tionchar a d'imir sé ar rochtain dhaonnúil mar ghiaráil chun brabús pearsanta a ghiniúint. Rinne an Painéal Saineolaithe maidir le hÉimin na gníomhaíochtaí sin a dhoiciméadú ina Thuarascáil Deiridh 2018 (féach S/2018/594, mír 193).

Mar a rinne an Painéal Saineolaithe maidir le hÉimin a dhoiciméadú a thuilleadh, rinne Al-Marrani maoirseacht ar choinneálaithe NSB, a tuairiscíodh go ndearnadh céasadh agus drochíde eile orthu agus iad a gcoinneáil. D'ordaigh sé freisin sracadh, imeaglú, agus gabháil neamhdhleathach bainisteoirí cuideachta agus stiúrthóirí bainc, agus bagairtí ann go gcuirfí ina leith go raibh siad páirteach i gcoimhoibriú agus spiaireacht don namhaid mura gcomhlíonann siad orduithe coimeádaí breithiúnacha.

*An ról i sáruithe ar chearta an duine a fhíorú:*

— Tuarascáil Faire Chearta an Duine (Béarla) - 'Yemen: Houthi Hostage Taking' (https://www.hrw.org/news/2018/09/25/yemen-houthi-hostage-taking#) [*Arna rochtain an 11 Feabhra 2022*]

*(2)*

— Al Ain News (Araibis) - 'Amer Al-Marrani.. Amer Al-Marrani.. Man of the "black missions" of the Houthis' (https://al-ain.com/article/amer-marani-yemen) [*Arna rochtain an 11 Feabhra 2022*]

('Maidir leis an gceathrú deartháir, rinne an mílíste de chuid na Houthis Mutlaq Al-Marrani ina bhriogáidire ginearálta agus thug siad an leasainm Abu Emad dó. Is cúis imní idirnáisiúnta a chuid gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta ós rud é go bhfuil sé ar cheann de na ceannairí is contúirtí ar an tseirbhís faisnéise a bhfuil baint acu leis an deargshárú ar shaolta mhuintir Éimin.')

— Al Marjie (Arabic) - 'Abu Imad Al-Marani: A Houthi leader responsible for recruiting women and looting relief funds' (https://www.almarjie-paris.com/15182) [*Arna rochtain an 11 Feabhra 2022*]

('Dheimhnigh sí freisin go raibh sé freagrach as mná óga a earcú agus iad a chur ag obair do na Houthis, ag cur leis go raibh sé "Ag iarraidh orthu físeáin gháirsiúla a dhéanamh chun brú agus dúmhál a dhéanamh orthu níos déanaí, agus iad a shannadh ina dhiaidh sin." Trí fhostaithe agus oifigigh roinnt eagraíochtaí a ghabháil, bhí sé in ann coinníollacha áirithe a fhorchur ina dhiaidh sin ar na heagraíochtaí sin. Léirigh sí gur earcaigh Al-Marrani mórán cailíní, ag baint leasa as an ngá atá acu le hairgead, agus chuir sé iad chun a lucht freasúra a mhealladh.')

— Al Arabiya (Araibis) - ' "Terrifying" details about Houthi leaders affected by US sanctions' " تفاصيل "مرعبة عن قيادات حوثية طالتها عقوبات أميركية) (alarabiya.net)) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 22]*

('Bhí baint ag Al-Marrani freisin le coireanna de sháruithe tromchúiseacha agus de chéasadh na ndaoine a fuadaíodh, lena n-áirítear an méid a léirigh an gníomhaí agus iar-chimí Éimin, Samira Al-Houri, faoi choireanna morálta agus airgeadais agus a ról maidir le pearsana polaitiúla agus treibheacha a mhealladh, agus chuir sé i bhfios go láidir gur ghlac sé chuige féin an comhad chun cailíní a earcú chun spiaireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí idirnáisiúnta agus fhoireann na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, tuairiscítear go bhforchuireann sé ríchíosanna ar na heagraíochtaí seo, agus roinneann sé suimeanna ollmhóra de na milliúin dollar le cuid dá fhostaithe a tháinig chun bheith buartha faoina bhrúidiúlacht agus a bhagairtí.')

— Al-Mashhad al-Araby (Araibis) - 'Blackmailing the Houthis on relief organizations: What did the militias do?' (https://almashhadalaraby.com/news/133104) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 22]*

Is féidir preaseisiúintí maidir le hathruithe ar Liosta Smachtbhannaí an Choiste a fháil sa rannán 'Preaseisiúintí' ar shuíomh gréasáin an Choiste ag an URL seo a leanas: https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/2140/press-releases

Is féidir teacht ar an leagan nuashonraithe de Liosta Smachtbhannaí an Choiste, atá ar fáil i bhformáid HTML, PDF agus XML, ag an URL seo a leanas: https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/2140/materials

— Déantar Liosta Comhdhlúite Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a nuashonrú freisin tar éis na n-athruithe go léir a rinneadh ar Liosta Smachtbhannaí an Choiste agus tá sé ar fáil ag an URL seo a leanas: https://www.un.org/securitycouncil/content/un-sc-consolidated-list"

# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/1902 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Deireadh Fómhair 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/932/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide san Éimin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/932/CBES ón gComhairle an 18 Nollaig 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide san Éimin ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Nollaig 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/932/CBES.

(2) An 26 Meán Fómhair 2022, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 2140 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe beirt le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/932/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/932/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

([1]) IO L 365, 19.12.2014, lch. 147.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas faoin bhfo-cheannteideal "Daoine" san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/932/CBES (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagail 1(1), 2a(1) agus Airteagal 2b(1) agus (2)):

"10. Mansur Al-Sa'adi

Script bhunaidh: منصور السعادي

**Ainmniúchán:** Maor-Ghinearál, Ceannasaí Houthi ar Fhórsaí Cabhlaigh agus Cosanta Cósta Éimin **Dáta breithe:** 1988 **Áit bhreithe:** Éimin **Ainm bréige láidir:** n/a **Ainmneacha bréige laga: a)** Mansoor Ahmed Al Saadi **b)** Mansur Ahmad al-Sa'adi **c)** Abu Sajjad **Náisiúntacht:** Éimin **Uimhir an phas:** n/b **Uimhir aitheantais náisiúnta:** n/b **Seoladh:** Éimin **Liostaithe ar**: 26 Meán Fómhair 2022 **Faisnéis eile:** Mar Cheann Foirne Fhórsaí Cabhlaigh Houthi, phleanáil sé ionsaithe marfacha i gcoinne loingseoireacht idirnáisiúnta sa Mhuir Rua, agus tá ról ceannasach aige in iarrachtaí cabhlaigh Houthi a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Éimin i mbaol go díreach. Cur síos fisiceach: Dath na súl: Donn; Gruaig: Donn. an nasc gréasáin le haghaidh fógraí speisialta de chuid INTERPOL-Comhairle Slándála NA: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individual

**Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:**

I gcomhréir le roinn 5(h) dá Threoirlínte, cuireann Coiste na Comhairle Slándála, arna bhunú de bhun rún 2140, ar fáil insint achomair ar na cúiseanna atá leis an liostú do dhaoine aonair, grúpaí, gnóthais agus eintitis a áirítear ar a liosta smachtbhannaí.

An dáta a cuireadh an insint achomair ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choiste: 26 Meán Fómhair 2022.

Liostaíodh Mansur Al-Sa'adi an 26 Meán Fómhair 2022 de bhun mhíreanna 11 agus 15 de Rún 2140 (2014), mar dhuine a chomhlíonann na critéir ainmniúcháin a leagtar amach i mír 17 de Rún 2140 (2014), lena n-áirítear mar a mhínítear i mír 19 de Rún 2216 (2015).

Ghlac Mansur Al-Sa'adi páirt i ngníomhaíochtaí agus thug sé tacaíocht do ghníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Éimin i mbaol, lena n-áirítear sáruithe ar an trádbhac spriocdhírithe arm.

*Faisnéis bhreise:*

Tá Al-Sa'adi á liostú mar gheall ar a rannpháirtíocht i bhfeachtais chabhlaigh de chuid na Houthis a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Yemen i mbaol, agus ar an gcaoi sin comhlíonann sé na critéir ainmniúcháin mar a leagtar amach iad i Mír 17 de Rún 2140 (2014). Mar Cheann Foirne Fhórsaí Cabhlaigh Houthi, phleanáil Al-Sa'adi ionsaithe marfacha ar shoithí loingseoireachta idirnáisiúnta sa Mhuir Rua. Tá mianaigh chabhlaigh scaipthe arís agus arís eile ag Fórsaí Cabhlaigh Houthi, mianaigh a chuireann soithí tráchtála, iascaireachta agus cabhrach daonnúla i mbaol, mar atá léirithe ag eagraíochtaí idirnáisiúnta um chearta an duine. Ina theannta sin, chuidigh Al-Sa'adi le hairm a smuigleáil chuig Houthis in Éimin de shárú ar an trádbhac spriocdhírithe arm mar a leagtar amach i mír 14 de Rún 2216 (2015).

*Ról gníomhach míleata a fhíorú:*

— Al-Sharea News (in Araibis) - '*The Masterminds of the Houthi Attacks*' [Na daoine a phleanáil ionsaithe Houthi] (https://alsharaeanews.com/2021/03/08/54527/) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 2022]*

3. ('Bhí ról lárnach ag Mansour Al-Saadi agus Ahmed Al-Hamzi, beirt fhear i bhfórsa aeir agus i gcabhlach Houthi a bhfuil mistéir ag baint leo, sa chogadh in Éimin, ag cur lena tionchar go dtí gur cuireadh críocha na hAraibe Sádaí agus slándáil na Mara Rua i mbaol.')

(Is é 'Abu Sajjad' an leasainm atá ar Al-Saadi agus tugtar 'Emir of the Red Sea' air freisin, agus tá sé freagrach go príomha as fórsa cabhlaigh agus cosanta cósta a athstruchtúrú a bhfuil sé mar mhisean acu cur isteach ar longa catha comhghuaillíochta agus dúmhál a dhéanamh ar an bpobal idirnáisiúnta trí bhagairt a dhéanamh ar lánaí loingseoireachta.')

— Yemeni News Agency (SABA) (Araibis) - '*Qahim, Al-Mushki and Berry were briefed on the damages of the aggression in the districts of Al-Hodeidah*' [Cuireadh Al-Mushki agus Berry ar an eolas maidir leis an damáiste a rinneadh le linn an fhogha i gceantair Al-Hodeidah'] (https://www.saba.ye/ar/news3174373.htm) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 2022]*

('Cuireadh ar an eolas iad freisin, mar aon le an Maor-Ghinearál Mansour al-Saadi agus Maor-Ghinearál Muhammad al-Qadri, baill den fhoireann náisiúnta, faoi mhéid an scriosta a rinneadh ar thithe saoránach, scoileanna, ospidéil agus foirgnimh rialtais i gcathair al-Durayhimi. Ceantar Al-Jah i gceantar Bait Al-Faqih.')

— Asharq al-Awsat (i mBéarla) - '*Death of Senior Commanders Leaves Houthis in Disarray*' [Na Houthis trí chéile tar éis bhás ceannasaithe sinsearacha] (https://english.aawsat.com/home/article/1246521/death-senior-commanders-leaves-houthis-disarray) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 2022]*

(San alt, aithnítear al-Saadi mar 'cheannaire sinsearach', ach éilíodh go mícheart gur maraíodh é. Cuirtear in iúl go bhfuil al-Saadi freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar smuigleáil arm ar fud chósta Éimin.)

— 26 September News (in Araibis) - '*The Navy Celebrates the Revolution of September 21*' [Réabhlóid an 21 Meán Fómhair á ceiliúradh ag an gCabhlach] (https://www.26sep.net/index.php/newspaper/26topstory/24381-21-8) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 2022]*

('Bhí Ceann Foirne na bhFórsaí Cabhlaigh, Maor-Ghinearál Mansour Al Saadi, i láthair ag an ócáid.')

11. Motlaq Amer Al-Marrani

Script bhunaidh: **مطلق عامر المراني**

**Ainmniúchán:** (Iar) Leas-Cheann ar an Houthi National Security Bureaui (NSB) (gníomhaireacht faisnéise) **Dáta breithe**: 1 Ean 1984 **Áit bhreithe**: Al-Jawf, Yemen **Ainmneacha bréige láidre: a)** Mutlaq Ali Aamer Al Marrani **b)** Abu Emad **Ainm bréige lag:** n/a **Náisiúntacht:** Éimin **Uimhir an phas:** n/b **Uimhir aitheantais náisiúnta:** n/b **Seoladh:** Éimin **Liostaithe ar**: 26 Meán Fómhair 2022 **Faisnéis eile:** Iar-Leas-Cheann ar an Houthi National Security Bureau (NSB), rinne sé maoirseacht ar choimeádaithe NSB a ndearnadh céasadh agus drochíde orthu agus iad á gcoinneáil, rinne sé pleanáil agus stiúradh ar oibrithe daonnúla a bhí á ngabháil agus á gcoinneáil go neamhdhleathach agus cabhair dhaonnúil á n-aistriú go neamhdhleathach de shárú ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Cur síos fisiceach: Dath na súl: Donn; Gruaig: Donn. an nasc gréasáin le haghaidh fógraí speisialta de chuid INTERPOL-Comhairle Slándála NA: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individual

**Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:**

I gcomhréir le roinn 5(h) dá Threoirlínte, cuireann Coiste na Comhairle Slándála, arna bhunú de bhun rún 2140, ar fáil insint achomair ar na cúiseanna atá leis an liostú do dhaoine aonair, grúpaí, gnóthais agus eintitis a áirítear ar a liosta smachtbhannaí.

An dáta a cuireadh an insint achomair ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choiste: 26 Meán Fómhair 2022.

Liostaíodh Motlaq Amer Al-Marrani an 26 Meán Fómhair 2022 de bhun mhíreanna 11 agus 15 de Rún 2140 (2014), mar dhuine a chomhlíonann na critéir ainmniúcháin a leagtar amach i mír 17 de Rún 2140 (2014), lena n-áirítear mar a mhínítear i mír 19 de Rún 2216 (2015), chomh maith le mír 18(c) de rún 2140.

Tá Motlaq Amer Al-Marrani ag gabháil do ghníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Éimin i mbaol, lena n-áirítear sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta is infheidhme agus mí-úsáidí ar chearta an duine agus a chuireann bac ar rochtain ar chúnamh daonnúil in Éimin.

*Faisnéis bhreise:*

Tá Al-Marrani liostaithe de bharr gníomhartha céastóireachta agus coinneála neamhdhleathacha a eagrú a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Éimin i mbaol, lena n-áirítear gníomhartha a sháraíonn an dlí daonnúil idirnáisiúnta is infheidhme agus a raibh bac ar rochtain ar chúnamh daonnúil in Éimin mar thoradh orthu, rud a chomhlíonann na critéir maidir le hainmniú a leagtar amach i Mír 17 de rún 2140 (2014), arna mionsaothrú a thuilleadh le mír 19 de rún 2216 (2015), chomh maith le mír 18(c) de rún 2140.

Ina cháil mar Leas-Cheann ar an Houthi National Security Bureau (NSB), threoraigh Al-Marrani gabháil, coinneáil agus drochíde a thabhairt d'oibrithe daonnúla agus do dhaoine eile atá ag obair i gcúnamh daonnúil agus fuarthas amach gur bhain sé mí-úsáid as a údarás agus an tionchar a d'imir sé ar rochtain dhaonnúil mar ghiaráil chun brabús pearsanta a ghiniúint. Rinne an Painéal Saineolaithe maidir le hÉimin na gníomhaíochtaí sin a dhoiciméadú ina Thuarascáil Deiridh 2018 (féach S/2018/594, mír 193).

Mar a rinne an Painéal Saineolaithe maidir le hÉimin a dhoiciméadú a thuilleadh, rinne Al-Marrani maoirseacht ar choinneálaithe NSB, a tuairiscíodh go ndearnadh céasadh agus drochíde eile orthu agus iad a gcoinneáil. D'ordaigh sé freisin sracadh, imeaglú, agus gabháil neamhdhleathach bainisteoirí cuideachta agus stiúrthóirí bainc, agus bagairtí ann go gcuirfí ina leith go raibh siad páirteach i gcoimhoibriú agus spiaireacht don namhaid mura gcomhlíonann siad orduithe coimeádaí breithiúnacha.

*An ról i sáruithe ar chearta an duine a fhíorú:*

— Tuarascáil Faire Chearta an Duine (Béarla) - 'Yemen: Houthi Hostage Taking' https://www.hrw.org/news/2018/09/25/yemen-houthi-hostage-taking#) [*Arna rochtain an 11 Feabhra 2022*]

4.

— Al Ain News (Araibis) - 'Amer Al-Marrani.. Amer Al-Marrani.. Man of the "black missions" of the Houthis' (https://al-ain.com/article/amer-marani-yemen) [*Arna rochtain an 11 Feabhra 2022*]

('Maidir leis an gceathrú deartháir, rinne an mílíste de chuid na Houthis Mutlaq Al-Marrani ina bhriogáidire ginearálta agus thug siad an leasainm Abu Emad dó. Is cúis imní idirnáisiúnta a chuid gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta ós rud é go bhfuil sé ar cheann de na ceannairí is contúirtí ar an tseirbhís faisnéise a bhfuil baint acu leis an deargshárú ar shaolta mhuintir Éimin.')

— Al Marjie (Arabic) - 'Abu Imad Al-Marani: A Houthi leader responsible for recruiting women and looting relief funds' (https://www.almarjie-paris.com/15182) [*Arna rochtain an 11 Feabhra 2022*]

('Dheimhnigh sí freisin go raibh sé freagrach as mná óga a earcú agus iad a chur ag obair do na Houthis, ag cur leis go raibh sé "Ag iarraidh orthu físeáin gháirsiúla a dhéanamh chun brú agus dúmhál a dhéanamh orthu níos déanaí, agus iad a shannadh ina dhiaidh sin." Trí fhostaithe agus oifigigh roinnt eagraíochtaí a ghabháil, bhí sé in ann coinníollacha áirithe a fhorchur ina dhiaidh sin ar na heagraíochtaí sin. Léirigh sí gur earcaigh Al-Marrani mórán cailíní, ag baint leasa as an ngá atá acu le hairgead, agus chuir sé iad chun a lucht freasúra a mhealladh.')

— Al Arabiya (Araibis) - ' 'Terrifying' details about Houthi leaders affected by US sanctions" تفاصيل "مرعبة" عن قيادات حوثية طالتها عقوبات أميركية) (alarabiya.net)) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 22]*

'Bhí baint ag Al-Marrani freisin le coireanna de sháruithe tromchúiseacha agus de chéasadh na ndaoine a fuadaíodh, lena n-áirítear an méid a léirigh an gníomhaí agus iar-chimí Éimin, Samira Al-Houri, faoi choireanna morálta agus airgeadais agus a ról maidir le pearsana polaitiúla agus treibheacha a mhealladh, agus chuir sé i bhfios go láidir gur ghlac sé chuige féin an comhad chun cailíní a earcú chun spiaireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí idirnáisiúnta agus fhoireann na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, tuairiscítear go bhforchuireann sé ríchíosanna ar na heagraíochtaí seo, agus roinneann sé suimeanna ollmhóra de na milliúin dollar le cuid dá fhostaithe a tháinig chun bheith buartha faoina bhrúidiúlacht agus a bhagairtí.')

— Al-Mashhad al-Araby (Araibis) - 'Blackmailing the Houthis on relief organizations: What did the militias do?' (https://almashhadalaraby.com/news/133104) *[Arna rochtain an 11 Feabhra 22]*

Is féidir preaseisiúintí maidir le hathruithe ar Liosta Smachtbhannaí an Choiste a fháil sa rannán 'Preaseisiúintí' ar shuíomh gréasáin an Choiste ag an URL seo a leanas:

https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/2140/press-releases

Is féidir teacht ar an leagan nuashonraithe de Liosta Smachtbhannaí an Choiste, atá ar fáil i bhformáid HTML, PDF agus XML, ag an URL seo a leanas:

https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/2140/materials

— Déantar Liosta Comhdhlúite Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a nuashonrú freisin tar éis na n-athruithe go léir a rinneadh ar Liosta Smachtbhannaí an Choiste agus tá sé ar fáil ag an URL seo a leanas: https://www.un.org/securitycouncil/content/un-sc-consolidated-list"

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA